

Mairg dar compánach an cholann

[Mac Cionnaith, L. *Dioghlúim Dána*, Dublin, 1938, poem 36]

Athairne mac Eoghain .cct.

1 Mairg dar compánach an cholann,
cumann fallsa ní fuath lé;
guais thall a cionta fam chomhair,
tiocfa am bhus omhain é.

2 Fuath m'anma is annsacht mo cholla
connradh meallta mairg do-ní;
mé dá toil congbhaidh an cholann
foghlaidh mar soin oram í.

3 Gach grádh riamh dá radas di-se
níor dhíol uirre ar fhuath na bpian;
do fhill mo ghrádh 'n-a fhuath oram
lán dom fhuath an cholann chriadh.

4 Ní díol ceana an cholann mheabhlach
gidh mór an toil thugas dí;
minic nach buan críoch a cumainn
ní fríoth achd fuar umainn í.

5 Lór dom theagasg gé táim aimhghlic
i n-am an bháis - is beart chruaidh -
na huilc i dteine ga dtéaghadh,
na cuirp eile d'fhéaghadh uaim.

6 Re hucht an bháis - is breath cantar -
an claochlódh truagh thig don ghné;
an corp ar [chalbha] na huaighe
olc an damhna uaille é.

7 Do-chím an béal dearg ar ndubhadh
's an déad chailce 'n-a cnáimh ghorm,
mo thoil ní fhuigheam ón uabhar,
ní chuireann soin uamhan orm.

8 Na súile i n-aimsir an éaga
adhbhar biodhgtha mar bhías siad
- gá beag dúnn ón rígh mar rabhadh -
do-chím cúl ar aghadh iad.

9 A ghrádh féin is aimhleas mh'anma
ós éigean dúinn dul ós aird
fuair an cholann cuid na deise;

romhall do thuig mei-se a mhairg. Mairg.